Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

12642/25
ADD 1

LIMITE

COPEN 249
CYBER 239
JAI 1220
COPS 434
RELEX 1137
JAIEX 95
TELECOM 292
POLMIL 256
CFSP/PESC 1310
ENFOPOL 316
DATAPROTECT 204

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0230(NLE)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; An Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach<br>– Dearbhú comhpháirteach ón Aontas agus óna Bhallstáit ag an searmanas sínithe |

**IARSCRÍBHINN**

PUBLIC

**An tAontas Eorpach**

**Dearbhú**

**Searmanas sínithe Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; An Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach**

**An Lárionad Náisiúnta Comhdhála, Ascaill Thang Long, Tu Liem Ward, Hanáí, Vítneam, an 25-26 Deireadh Fómhair 2025**

Do Shoilse,

Tá sé d’onóir agam labhairt thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát.

Ba mhaith leis an Aontas agus leis na Ballstáit a mbuíochas a chur in iúl do Vítneam as searmanas sínithe Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta a óstáil.

Níl aon teorainn leis an gcibearchoireacht agus tá tionchar aici ar ár sochaí. Déanann sí dochar dár saoránaigh, go háirithe iad siúd is leochailí, cuir i gcás leanaí; cuireann sé isteach ar sheirbhísí riachtanacha; dá toradh freisin bíonn caillteanais thromchúiseacha airgeadais ann do dhaoine aonair agus gnólachtaí, rud a bhaineann an bonn den mhuinín atá acu as an ngeilleagar digiteach.

Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta do dhul i ngleic leis an gcibearchoireacht tríd an gcomhar idirnáisiúnta a fhorbairt. Trí Europol agus Eurojust, déanann an tAontas agus a Bhallstáit comhordú idirnáisiúnta a éascú, comhroinnt éifeachtach faisnéise a chothú, agus tacaíonn siad le comhar oibríochtúil ar mhórscála chun líonraí cibearchoiriúla a dhíchur. Tá sé d'aidhm ag an Aontas agus a Bhallstáit freisin an athléimneacht dhomhanda a neartú, acmhainneacht na n-údarás ceartais agus forfheidhmithe dlí a fheabhsú, agus timpeallacht dhigiteach atá sábháilte agus slán a chur chun cinn ar fud an domhain, timpeallacht ina n-urramaítear cearta bunúsacha. Agus an méid sin á dhéanamh acu, féachann an tAontas agus a Bhallstáit, ní hamháin le freagairt do bhagairtí atá ann faoi láthair, ach le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta fadtéarmacha a fhorbairt freisin a bheidh bunaithe ar mhuinín, comhar agus freagracht chomhroinnte chun cibearspás oscailte, cobhsaí agus slán a áirithiú.

PUBLIC

Is díol sásaimh don Aontas agus dá Bhallstáit glacadh Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta. Is toradh ar obair chomhpháirteach comhaltaí na Náisiún Aontaithe ar fad glacadh an Choinbhinsiúin seo, mar go léiríonn sé go bhfuilimid in ann obair le chéile chun dul i ngleic le dúshlán domhanda na cibearchoireachta. Léiríonn sé feasacht mhéadaithe an phobail idirnáisiúnta ar an mbaol a bhaineann leis an gcibearchoireacht dár sochaithe, agus an gá atá le gníomhú le chéile i gcoinne na bagartha sin.

Comhlánaíonn Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta creataí seanbhunaithe le haghaidh comhar idirnáisiúnta, agus tá sé comhsheasamhach leo, mar shampla Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta (CNACET) agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (CNAÉ), agus Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht. Is ionstraim chuimsitheach í a bhfuil raon feidhme atá sainithe go soiléir aici lena dtugtar aghaidh ar na hábhair imní atá ag formhór Chomhaltaí na Náisiún Aontaithe agus lena réitíodar na heasnaimh sa chomhar idirnáisiúnta, rud a fhágann go bhfuil an domhan níos sábháilte.

Neartóidh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta ár n-iarrachtaí ar sciúradh na mí-úsáide gnéasaí leanaí agus an teacht i dtír ghnéasaí ar leanaí a chomhrac trí iompar a bhaineann le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí agus mealltóireacht a dhéantar ar leanaí chun críoch mí-úsáide gnéasaí, a choiriúlú.

Cuirfidh sé feabhas freisin ar an gcomhar idirnáisiúnta trína choinníollacha láidre agus coimircí maidir le cearta an duine. Cuireann na coimircí sin cosc ar mhí-úsáid a bhaint as an gCoinbhinsiún ar mhaithe le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur faoi chois. Áirithítear leo freisin cosaint sonraí pearsanta agus déantar foráil maidir leis an gcumas diúltú do gach iarraidh a dhéantar ar chomhar idirnáisiúnta ar mhaithe le duine a ionchúiseamh nó a phionósú mar gheall ar ghnéas, cine, teanga, reiligiún, náisiúntacht, bunadh eitneach nó tuairim pholaitiúil an duine sin. Tá na coimircí sin maidir le cearta an duine fíor-riachtanach chun an mhuinín fhrithpháirteach a bhunú atá mar bhonn taca ag an gcomhar idirnáisiúnta nuair atá ábhair choiriúla i gceist agus chun gealltanas na Náisiún Aontaithe agus a mBallstát cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn a chomhlíonadh.

Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta don Choinbhinsiún a chur chun feidhme i gceart agus go hiomlán. Cuireann sé creat luachmhar ar fáil chun cúnamh teicniúil agus fothú acmhainneachta a chur chun cinn, a éascú agus chun tacú leo le cur ar chumas a Pháirtithe, agus go háirithe tíortha i mbéal forbartha, an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac go héifeachtach. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de thacaíocht a thabhairt d'fhothú acmhainneachta agus de chúnamh teicniúil a chur ar fáil trína gcláir agus tionscadail iomadúla.

PUBLIC

Glacfaimid páirt agus rannchuideoimid le hobair Chomhdháil na bPáirtithe, chun a áirithiú go gcuirfidh na Páirtithe an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar shlí atá comhsheasmhach lena éirim, lena n-áirítear maidir le cearta an duine a chosaint. Chun cabhrú linn agus sinn i mbun oibre, ní mór dúinn leibhéal rannpháirtíochta phobal na bpáirtithe leasmhara a chaomhnú agus a fheabhsú, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, institiúidí acadúla agus an earnáil phríobháideach. Chabhraigh a dtuairimí agus a dtacaíocht linn an Coinbhinsiún seo a chur ar bun.

Is ar na cúiseanna sin go léir a chinn an tAontas agus a Bhallstáit páirt a ghlacadh sa chomhdhearcadh maidir le téacs críochnaitheach an Choinbhinsiúin sin a ghlacadh. Tá an Coinbhinsiún á shíniú ag an Aontas agus ag roinnt dá Bhallstáit inniu; agus tá Ballstáit eile ag obair i dtreo é a shíniú tráth níos déanaí.

Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de bheith tiomanta don Choinbhinsiún seo agus do thacaíocht a thabhairt do Stáit is Páirtithe amach anseo agus é á chur chun feidhme againn.

Molaimid do gach Stát agus eagraíocht teacht ar an aistear seo linn.

Go raibh maith agaibh.

PUBLIC